**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Buiséid*

**2022/0032(COD)**

18.11.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Buiséid

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

maidir le Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Ionstraim Eorpach um Shliseanna)
(COM(2022)0046 – C9-0039/2022 – 2022/0032(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Karlo Ressler

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Tá luachshlabhra leathsheoltóra an domhain thar a bheith casta agus idirspleách agus leis na teagmhais a tharla le déanaí, lena n-áirítear paindéim Covid agus ionsaí na Rúise ar an Úcráin, léiríodh go soiléir a leochailí agus atá sé. Faoi láthair, tá gníomhaithe Eorpacha neartmhar ó thaobh Taighde & Forbartha de, ach tá siad easpach i dtaobh a gcuid torthaí a aistriú go táirgeadh tionsclaíoch. Leis an togra maidir leis an Ionstraim Eorpach um Shliseanna, agus an tionscnamh Sliseanna don Eoraip go ginearálta, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún éiceachóras sliseanna Eorpacha úrscothach a chruthú, lena n-áirítear táirgeadh, 'ón saotharlann go dtí an mhonaraíocht'.

Tá an Ionstraim Eorpach um Shliseanna comhdhéanta de roinnt comhpháirteanna éagsúla, agus tá a ghné bhuiséadach lárnach chun go mbeidh rath air. Molann an Coimisiún struchtúr buiséadach trína dtugtar le fios nach mbeidh a imchlúdach airgeadais féin ag an Tionscnamh, ach gurb amhlaidh go dtacófar leis trí EUR 1,65 billiún a chuirfear ar fáil ón gclár Fís Eorpach agus EUR 1.65 billiún ón gClár don Eoraip Dhigiteach (DEP) trí Chuspóir Sonrach 6. Déanfar na ranníocaíochtaí ó Fís Eorpach agus DEP a bhainistiú faoin gComhghnóthas um Shliseanna (Comhghnóthas Chips) den chuid is mó, Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha a bhfuil athainmniú agus leathnú déanta air.

Maidir leis an EUR 1,65 billiún faoi Fís Eorpach, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún EUR 500 milliún a chur i leataobh ar líne Chomhghnóthas Chips agus EUR 300 milliún ar líne na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí. Sa bhreis air sin, dhéanfaí iomlán de EUR 850 milliún a ath-leithdháileadh ar Chomhghnóthas Chips ó na Braislí 'an tSlándáil Shibhialta don tSochaí', 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' agus 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht'.

Maidir leis an EUR 1,65 billiún faoi DEP, dhéanfaí EUR 600 milliún a ath-leithdháileadh ó chúig Chuspóir Shonracha an Chláir atá cheana ann. Dhéanfaí EUR 400 milliún a ath-imlonnú ó Bhraisle 4 de Fís Eorpach: chun an laghdú sin a chúiteamh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, áfach, méid coibhéiseach de chistí saortha a chur ar fáil arís faoi Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais. Dhéanfaí EUR 400 milliún a ath-imlonnú ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (EUR 150 milliún ó SCE-Digiteach agus EUR 250 milliún ó SCE-Iompar). Ar deireadh thiar, thiocfadh EUR 250 milliún ó chorrlach neamh-leithdháilte Cheannteideal 1 de CAI. Láimhseálfaí an laghdú ar na himchlúdaigh airgeadais de chuid Fís Eorpach agus SCE laistigh den athrúchán 15 % dá bhforáiltear sa Chomhaontú Idirinstitiúideach (IIA) buiséadach.

Tacaíonn an Rapóirtéir go hiomlán leis an togra uaillmhianach maidir leis an Ionstraim Eorpach um Shliseanna chun go mbeadh AE ar thús cadhnaíochta i réimse na leathsheoltóirí. á mheas, áfach, gur cheart go mbeadh struchtúr buiséadach atá chomh huaillmhianach agus chomh réalaíoch céanna i gceist le togra uaillmhianach den sórt sin. Cé nach bhfuil sa EUR 3.3 billiún atá tiomnaithe don Tionscnamh ó bhuiséad an Aontais ach sciar beag de mhéid iomlán na n-acmhainní a bhfuil sé mar aidhm ag an Tionscnamh a shlógadh trí infheistíocht ó na Ballstáit agus ón earnáil phríobháideach, beidh sé bunriachtanach chun go n-éireoidh leis. Is mór an trua, dá bhrí sin, go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún formhór na gcistí sin a leithdháileadh trí laghdú a dhéanamh ar acmhainní do na cláir atá ann faoi láthair agus a bhfuil rath orthu, cláir atá faoi bhrú cheana ag iarraidh cistiú a dhéanamh ar

thionscadail fhiúntacha.

Áitíonn an Rapóirtéir, dá bhrí sin, cloí le seasamh seanbhunaithe Pharlaimint na hEorpa nár cheart laghdú a dhéanamh ar imchlúdaigh airgeadais chláir an Aontais atá cheana ann chun tionscnaimh nua a chistiú. Bíodh nach féidir an ráiteas airgeadais reachtach *per se* a leasú, chun an prionsabal sin a aistriú isteach sa téacs reachtach nithiúil, molann an Rapóirtéir roinnt leasuithe ar an dóigh seo a leanas.

- D'fhéadfaí glacadh le cistí a bheith á gcur i leataobh faoi Fís Eorpach (líne an Chomhghnóthais agus EIC) ach níor cheart go rachadh sé chun dochair do ghníomhaíochtaí atá cheana ann. Moltar, dá bhrí sin, méid atá coibhéiseach leis na cistí atá curtha i leataobh (EUR 800 milliún) a chur ar fáil arís do na línte sin ó leithreasuithe saortha de bhun Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais.

- Ní féidir glacadh le hath-imlonnuithe ó Fís Eorpach nó SCE chuig DEP, toisc go mbainfeadh siad ó ghníomhaíochtaí eile T&I, gníomhaíochtaí atá riachtanach d'iomaíochas an Aontais agus do na haistrithe glasa agus digiteacha. Ina ionad sin, ba cheart go dtiocfadh na leithreasuithe sin ó chorrlaigh neamh-leithdháilte nó ba cheart go ndéanfaí iad a shlógadh trí ionstraimí speisialta neamhthéamacha CAI.

- Níor cheart go mbeadh laghdú ar acmhainní do na cúig Chuspóir eile i gceist le Cuspóir nua Sonrach 6 a chur san áireamh sa Chlár don Eoraip Dhigiteach, lean ndéantar iad a athbhunú, dá bhrí sin, ar an leibhéal a leagtar amach sa bhunghníomh.

- Tá sé beartaithe méadú a dhéanamh ar imchlúdach airgeadais Fís Eorpach, arb ionann é agus an EUR 850 milliún atá beartaithe ag an gCoimisiún a ath-leithdháileadh laistigh den chlár. Cé is moite de na cistí atá curtha i leataobh agus a bhfuil tuairisc orthu thuas, ba cheart go mbeadh cistí a leithdháiltear ar Thionscnamh Chips faoi Fís Eorpach sa bhreis ar an imchlúdach a leagtar síos sa bhunghníomh.

Mar bhreathnóireacht deiridh, tugann an Rapóirtéir dá aire, i gcás nach mbeidh an CAI reatha, in ainneoin a sholúbthachtaí ionsuite, in ann maoiniú leordhóthanach a thabhairt do thionscnamh straitéiseach ríthábhachtach amhail an Ionstraim Eorpach um Shliseanna, nár cheart gurb é an réiteach a bheadh ann na hacmhainní atá ar fáil do thionscnaimh rathúla eile an Aontais a laghdú, ach seachas sin, go gcuirfí riachtanais chistiúcháin an tionscnaimh san áireamh san athbhreithniú meántéarma ar CAI.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Tá dhá chuspóir leis an gcreat sin. Is é an chéad chuspóir na dálaí a áirithiú is gá le haghaidh iomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta an Aontais agus oiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha i ngeall ar thimthriallta nuálaíochta tapa agus an gá le hinbhuanaitheacht a áirithiú. Is é an dara cuspóir, ar leithligh ón gcéad cheann agus go comhlántach leis, feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach de chuid an Aontais a leagan síos chun athléimneacht agus slándáil soláthair an Aontais a mhéadú i réimse na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra. | (3) Tá dhá chuspóir leis an gcreat sin. Is é an chéad chuspóir na dálaí a áirithiú is gá le haghaidh iomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta an Aontais***, atá dírithe i gcónaí ar chuspóirí an aistrithe ghlais a bhaint amach,*** agus oiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha i ngeall ar thimthriallta nuálaíochta tapa agus an gá le hinbhuanaitheacht a áirithiú. Is é an dara cuspóir, ar leithligh ón gcéad cheann agus go comhlántach leis, feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach de chuid an Aontais a leagan síos chun athléimneacht agus slándáil soláthair an Aontais a mhéadú i réimse na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Ós rud é gur tionscnamh nua é an tionscnamh um Shliseanna agus nach raibh sé beartaithe nuair a bunaíodh an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) le haghaidh 2021-2027, níor cheart mar thoradh ar a chistiú go mbeadh laghdú ar an gcistiú do cláir tosaíochta eile an Aontais, amhail Fís Eorpach agus an Eoraip Dhigiteach. Ba cheart go ndéanfaí méid na n-acmhainní airgeadais atá tiomnaithe don tionscnamh Sliseanna a tharraingt ó na corrlaigh neamh-leithdháilte faoi uasteorainneacha CAI nó a slógadh trí ionstraimí speisialta neamhthéamacha CAI, agus ag an am céanna ba cheart go ndéanfaí cúiteamh iomlán ar na cistí ó chláir eile arna gcur i leataobh trí mhodhanna eile. Ba cheart tús áite a thabhairt do riachtanais chistiúcháin an tionscnaimh Sliseanna*** |

***san áireamh san athbhreithniú meántéarma ar CAI, d'fhonn cobhsaíocht, comhleanúnachas, uaillmhian agus maoiniú fadtéarmach an tionscnaimh a áirithiú.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Tá sé mar chuspóir ag an gClár Réime Fís Eorpach a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51] (Fís Eorpach) – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht – an Limistéar Eorpach Taighde (LET) a neartú, agus é a spreagadh le bheith níos iomaíche, lena n-áirítear a bheith níos iomaíche ina earnáil tionsclaíochta, agus gach gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta (T&N) á cur chun cinn chun tosaíochtaí agus gealltanais straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, arb é is aidhm dóibh ar deireadh an tsíocháin, luachanna an Aontais agus dea-bhail a phobal a chur chun cinn. Mar phríomhthosaíocht ***de chuid*** an Aontais, níor cheart na hacmhainní airgeadais iomlána a leithdháiltear ar an gclár a laghdú agus ***ba cheart an laghdú ar*** acmhainní airgeadais ***an chláir, arb é is aidhm dó imchlúdach airgeadais an chláir don Eoraip Dhigiteach a threisiú*** chun rannchuidiú leis an tionscnamh Sliseanna ***don Eoraip***, a chúiteamh ***ó fhoinse*** eile. Mar iarmhairt air sin, gan dochar do shainphribhléidí institiúideacha Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ba cheart méid leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá coibhéiseach leis ***an laghdú*** a chur ar fáil d'Fhís Eorpach i gcaitheamh na tréimhse 2023-2027, ar méid é a d'eascródh as neamhchur chun feidhme iomlán nó páirteach tionscadal ar leis an gclár sin iad nó leis an gclár a tháinig roimhe, dá bhforáiltear in Airteagal 15(3) | (10) Tá sé mar chuspóir ag an gClár Réime Fís Eorpach a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle51 (Fís Eorpach) – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht – an Limistéar Eorpach Taighde (LET) a neartú, agus é a spreagadh le bheith níos iomaíche, lena n-áirítear a bheith níos iomaíche ina earnáil tionsclaíochta, agus gach gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta (T&N) á cur chun cinn chun tosaíochtaí agus gealltanais straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, arb é is aidhm dóibh ar deireadh an tsíocháin, luachanna an Aontais agus dea-bhail a phobal a chur chun cinn. Mar phríomhthosaíocht an Aontais, níor cheart na hacmhainní airgeadais iomlána a leithdháiltear ar an gclár a laghdú***. Leithdháilfear sciar tiomnaithe de chomhpháirteanna Fhís Eorpach ar an tionscnamh Sliseanna. Níor cheart, áfach, go mbainfeadh leithdháileadh cistí do ghníomhaíochtaí an tionscnaimh Sliseanna ó na gníomhaíochtaí eile T&I a dhéantar faoi Fhís Eorpach, ar gníomhaíochtaí iad atá riachtanach d'iomaíochas an Aontais*** agus ***do na haistrithe glasa agus digiteacha. Nuair a thiomnaítear*** acmhainní airgeadais ***ó Fhís Eorpach*** chun rannchuidiú leis an tionscnamh Sliseanna, ***ba cheart na hacmhainní sin*** a chúiteamh ***go hiomlán le foinse*** eile. Mar iarmhairt air sin, gan dochar do shainphribhléidí institiúideacha Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, |

de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52] (an Rialachán Airgeadais). Beidh an méid sin de bhreis ar an EUR 0.5 billiún (i bpraghsanna 2018) atá luaite cheana féin sa Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hathúsáid na gcistí saortha i ndáil leis an gclár taighde.

[51] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013, IO L 170, 12.5.2021, lch. 1.

[52] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

ba cheart méid leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá coibhéiseach leis ***na cistí arna gcur i leataobh*** a chur ar fáil d'Fhís Eorpach i gcaitheamh na tréimhse 2023-2027, ar méid é a d'eascródh as neamhchur chun feidhme iomlán nó páirteach tionscadal ar leis an gclár sin iad nó leis an gclár a tháinig roimhe, dá bhforáiltear in Airteagal 15(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52] (an Rialachán Airgeadais). Beidh an méid sin de bhreis ar an EUR 0.5 billiún (i bpraghsanna 2018) atá luaite cheana féin sa Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hathúsáid na gcistí saortha i ndáil leis an gclár taighde.

[51] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013, IO L 170, 12.5.2021, lch. 1.

[52] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Chun an taighde teicneolaíochta leathsheoltóra agus na hacmhainneachtaí nuálaíochta a thabhairt don Aontas a bhfuil gá leo chun a chuid infheistíochtaí taighde agus tionsclaíocha a choinneáil ar imeall tosaigh, agus chun an bhearna atá ann faoi láthair idir taighde agus forbairt agus monaraíocht a líonadh, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit a gcuid iarrachtaí a chomhordú ar bhealach níos fearr agus ba cheart dóibh comh-infheistiú. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit spriocanna an aistrithe ghlais agus dhigitigh araon a chur san áireamh. Trí chomhpháirteanna agus gníomhaíochtaí uile an Tionscnaimh, ba cheart, a mhéid is féidir, na tairbhí a bhaineann le cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a phríomhshruthú agus a uasmhéadú mar chumasóirí cumhachtacha don aistriú inbhuanaitheachta a bhféadfadh táirgí nua agus úsáid acmhainní atá níos éifeachtúla, níos éifeachtaí, níos glaine agus níos marthanaí a bheith mar thoradh orthu, lena n-áirítear fuinneamh agus ábhair atá riachtanach do tháirgeacht agus d’úsáid shaolré iomlán na leathsheoltóirí. | (11) Chun an taighde teicneolaíochta leathsheoltóra agus na hacmhainneachtaí nuálaíochta a thabhairt don Aontas a bhfuil gá leo chun a chuid infheistíochtaí taighde agus tionsclaíocha a choinneáil ar imeall tosaigh, agus chun an bhearna atá ann faoi láthair idir taighde agus forbairt agus monaraíocht a líonadh, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit a gcuid iarrachtaí a chomhordú ar bhealach níos fearr agus ba cheart dóibh comh-infheistiú***, agus é a bheith d’aidhm acu, ag an am céanna, borradh a chur faoi inniúlachtaí taighde na mBallstát nach bhfuil sé de chumas acu leas a bhaint as sliseanna agus a gcomhpháirteanna a mhonarú go tionsclaíoch, ionas gur féidir leis na Ballstát leas a bhaint as infheistíochtaí fadtéarmacha den sórt sin ar an mbealach céanna***. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit spriocanna an aistrithe ghlais agus dhigitigh araon a chur san áireamh. Trí chomhpháirteanna agus gníomhaíochtaí uile an Tionscnaimh, ba cheart, a mhéid is féidir, na tairbhí a bhaineann le cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a phríomhshruthú agus a uasmhéadú mar chumasóirí cumhachtacha don aistriú inbhuanaitheachta a bhféadfadh táirgí nua agus úsáid acmhainní atá níos éifeachtúla, níos éifeachtaí, níos glaine agus níos marthanaí a bheith mar thoradh orthu, lena n-áirítear fuinneamh agus ábhair atá riachtanach do tháirgeacht agus d’úsáid shaolré iomlán na leathsheoltóirí. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(11a) Chun geilleagar ciorclach a bhaint amach, agus slabhra soláthair an Aontais a dhéanamh níos athléimní, ba cheart faoin tionscnamh Sliseanna, infheistíocht a chothú in athchúrsáil tearcmhiotal agus tearcábhar chun acmhainn a dhéanamh de dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(13a) Ba cheart cothromaíocht gheografach a chur san áireamh sa tacaíocht ón tionscnamh Sliseanna, go háirithe féachaint le cumhdach geografach leathan a bhaint amach i ndáil le línte píolótacha.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (25) I bhfianaise a thábhachtaí atá siad chun slándáil an tsoláthair a áirithiú agus chun éiceachóras leathsheoltóra athléimneach a chumasú, ***ba cheart*** a mheas go ***bhfuil*** Saoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE chun leas an phobail. Tá sé tábhachtach freisin slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí a áirithiú i gcomhair digitiú lena gcumasaítear an t-aistriú glas ag go leor earnálacha eile. Chun rannchuidiú le slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí san Aontas, féadfaidh na Ballstáit scéimeanna tacaíochta a chur i bhfeidhm agus foráil a | (25) I bhfianaise a thábhachtaí atá siad chun slándáil an tsoláthair a áirithiú agus chun éiceachóras leathsheoltóra athléimneach a chumasú, ***féadfar*** a mheas go ***gcuireann*** Saoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE ***seirbhísí*** chun leas an phobail ***ar fáil***. Tá sé tábhachtach freisin slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí a áirithiú i gcomhair digitiú lena gcumasaítear an t-aistriú glas ag go leor earnálacha eile. Chun rannchuidiú le slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí san Aontas, féadfaidh na Ballstáit scéimeanna tacaíochta a chur i bhfeidhm agus foráil a |

| | |
|---|---|
| dhéanamh maidir le tacaíocht riaracháin i nósanna imeachta náisiúnta deonaithe ceadanna. ***Tá an méid sin gan dochar d'inniúlacht an Choimisiúin i réimse na Státchabhrach faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh, i gcás inarb ábhartha.*** Ba cheart do na Ballstáit tacú le bunú Saoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE i gcomhréir le dlí an Aontais. | dhéanamh maidir le tacaíocht riaracháin i nósanna imeachta náisiúnta deonaithe ceadanna***, a mhéid atá scéimeanna tacaíochta den sórt sin comhoiriúnach leis na rialacha is infheidhme maidir leis an státcabhair***. Ba cheart do na Ballstáit tacú le bunú Saoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE i gcomhréir le dlí an Aontais. |

*Réasúnú*

*Provisions on state aid will directly affect the implementation of the Chips for Europe Initiative and its EU budget contribution. Exemptions from state aid rules should remain exceptional and be based on objective and precise criteria, applied in a non-discriminatory and proportionate manner. Otherwise, we run the risk of creating a subsidies race within the Union. In addition, the term "services of general interest" has a solid basis in EU competition law as well as the Treaties, whereas it is difficult to define any precise pan-EU "public" interest that is valid for all Member States. The direct reference to the Treaties is unprecedented and disproportionate.*

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Bhainfeadh an margadh inmheánach an-tairbhe as comhchaighdeáin le haghaidh sliseanna glasa iontaofa slána. Beidh ar ghairis chliste, córais chliste agus ardáin nascachta chliste a bheidh ann amach anseo brath ar ard-chomhpháirteanna leathsheoltóra agus beidh orthu ceanglais ghlasa, iontaoibhe agus chibearshlándála a chomhlíonadh, ceanglais a bheidh ag brath den chuid is mó ar ghnéithe den bhunteicneolaíocht. Chun na críche sin, ba cheart don Aontas nósanna imeachta tagartha deimhniúcháin a fhorbairt agus ceangal a chur ar an tionscal nósanna imeachta den sórt sin a fhorbairt go comhpháirteach le haghaidh earnálacha agus teicneolaíochtaí sonracha a bhféadfadh tionchar mór sóisialta a bheith | (27) Bhainfeadh an margadh inmheánach an-tairbhe as comhchaighdeáin le haghaidh sliseanna glasa iontaofa slána. Beidh ar ghairis chliste, córais chliste agus ardáin nascachta chliste a bheidh ann amach anseo brath ar ard-chomhpháirteanna leathsheoltóra agus beidh orthu ceanglais ghlasa, iontaoibhe agus chibearshlándála a chomhlíonadh, ceanglais a bheidh ag brath den chuid is mó ar ghnéithe den bhunteicneolaíocht. Chun na críche sin, ba cheart don Aontas nósanna imeachta tagartha deimhniúcháin a fhorbairt ***chun a áirithiú go ndéanfaí dintiúir ghlasa*** agus ***chibearshlándála a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus*** ceangal a chur ar an tionscal nósanna |

| | |
|---|---|
| acu. | imeachta den sórt sin a fhorbairt go comhpháirteach le haghaidh earnálacha agus teicneolaíochtaí sonracha a bhféadfadh tionchar mór sóisialta a bheith acu. ***Is réamhriachtanais ríthábhachtacha iad marthanacht gaireas, idir-inoibritheacht agus inbhuanaitheacht an bhonneagair fholuitigh chun a áirithiú nach ndéanfar gnóthachain éifeachtúlachta a neamhniú trí thimthriallta athnuachana gearra.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) ***Ba cheart*** bearta iomchuí éifeachtacha comhréireacha a shainaithint agus a chur chun feidhme nuair a ghníomhachtaítear an chéim ghéarchéime gan dochar do rannpháirtíocht leanúnach idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann leis na comhpháirtithe ábhartha d'fhonn an ghéarchéim a bhíonn ag síorathrú a mhaolú. I gcás inarb iomchuí, ***ba cheart don*** Choimisiún faisnéis a iarraidh ar ghnóthais feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóirí. Thairis sin, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann, ***i gcás inar gá agus inar comhréireach***, oibleagáid a chur ar Shaoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE glacadh le hordú maidir le táirgeadh na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, agus tosaíocht a thabhairt don ordú sin, agus ***gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh nuair a thugann na Ballstáit sainordú chuige sin.*** D'fhéadfadh an Coimisiún na bearta a theorannú ionas nach mbeadh baint acu ach le hearnálacha ríthábhachtacha áirithe. Ina theannta sin, féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle a thabhairt maidir leis an ngá atá le córas rialaithe onnmhairiúcháin a thabhairt isteach de bhun Rialachán (AE) 2015/479 ó | (45) ***Féadfar*** bearta iomchuí éifeachtacha comhréireacha a shainaithint agus a chur chun feidhme***, ar bearta iad nach rachaidh thar a bhfuil riachtanach chun an ghéarchéim láithreach a chur i gceart,*** nuair a ghníomhachtaítear an chéim ghéarchéime gan dochar do rannpháirtíocht leanúnach idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann leis na comhpháirtithe ábhartha d'fhonn an ghéarchéim a bhíonn ag síorathrú a mhaolú. I gcás inarb iomchuí, ***féadfaidh an*** Choimisiún faisnéis a iarraidh ar ghnóthais feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóirí. Thairis sin, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann ***gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh nuair a thugann na Ballstáit sainordú chuige sin. In imthosca urghnácha***, ***ba cheart an Coimisiún a bheith in ann***, ***mar rogha dheiridh,*** oibleagáid a chur ar Shaoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE glacadh le hordú maidir le táirgeadh na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, agus tosaíocht a thabhairt don ordú sin, ***i gcás inar gá*** agus ***inar comhréireach chun oibriú bunúsach na n-earnálacha criticiúla a áirithiú. Sula ndéanfaidh sé aon chinneadh den sórt*** |

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60]. Féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí measúnú a dhéanamh freisin agus comhairle a thabhairt maidir le bearta iomchuí éifeachtacha breise. Ba cheart úsáid na mbeart éigeandála sin go léir a bheith comhréireach agus teoranta don mhéid is gá chun aghaidh a thabhairt ar na míshocrachtaí suntasacha atá i gceist sa mhéid gur chun leas an Aontais é sin. Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go tráthrialta faoi na bearta a rinneadh agus faoi na cúiseanna foluiteacha. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord, treoir bhreise a eisiúint faoi chur chun feidhme agus úsáid na mbeart éigeandála.

[60] Rialachán (AE) 2015/479 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha le haghaidh onnmhairí (IO L 83, 27.3.2015, lch. 34).

***sin, ba cheart don Choimisiún dul i mbun comhairliúcháin leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí maidir le comhréireacht na ngníomhaíochtaí éigeandála uile atá beartaithe agus*** d'fhéadfadh ***sé na bearta a theorannú d'earnálacha criticiúla áirithe agus d'fhéadfadh*** an Coimisiún na bearta a theorannú ionas nach mbeadh baint acu ach le hearnálacha ríthábhachtacha áirithe. Ina theannta sin, féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle a thabhairt maidir leis an ngá atá le córas rialaithe onnmhairiúcháin a thabhairt isteach de bhun Rialachán (AE) 2015/479 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60]. Féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí measúnú a dhéanamh freisin agus comhairle a thabhairt maidir le bearta iomchuí éifeachtacha breise. Ba cheart úsáid na mbeart éigeandála sin go léir a bheith comhréireach agus teoranta don mhéid is gá chun aghaidh a thabhairt ar na míshocrachtaí suntasacha atá i gceist sa mhéid gur chun leas an Aontais é sin. Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go tráthrialta faoi na bearta a rinneadh agus faoi na cúiseanna foluiteacha. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord, treoir bhreise a eisiúint faoi chur chun feidhme agus úsáid na mbeart éigeandála.

[60] Rialachán (AE) 2015/479 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha le haghaidh onnmhairí (IO L 83, 27.3.2015, lch. 34).

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Chun a áirithiú gur féidir le hearnálacha ríthábhachtacha leanúint de bheith ag oibriú le linn géarchéime agus nuair is gá agus nuair is comhréireach chun na críche sin, d'fhéadfadh an Coimisiún oibleagáid a chur ar Shaoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE glacadh le horduithe maidir le táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Féadfar an oibleagáid sin a leathnú freisin chuig saoráidí monaraíochta leathsheoltóirí inar glacadh leis an bhféidearthacht sin i gcomhthéacs ina bhfaightear tacaíocht phoiblí. Ba cheart an cinneadh maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a ghlacadh i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla uile an Aontais is infheidhme, ag féachaint d'imthosca an cháis. Ba cheart tosaíocht a bheith ag an oibleagáid maidir le rátáil tosaíochta ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó poiblí agus ba cheart aird a thabhairt léi ar aidhmeanna dlisteanacha na ngnóthas agus ar an gcostas agus ar an iarracht is gá d'aon athrú ar sheicheamh na táirgeachta. Féadfaidh gnóthais a bheith faoi réir pionóis mura n-éiríonn leo an oibleagáid maidir le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chomhlíonadh. | (48) Chun a áirithiú gur féidir le hearnálacha ríthábhachtacha leanúint de bheith ag oibriú le linn géarchéime agus nuair is gá agus nuair is comhréireach chun na críche sin, d'fhéadfadh an Coimisiún oibleagáid a chur ar Shaoráidí um Tháirgeadh Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE glacadh le horduithe maidir le táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Féadfar an oibleagáid sin a leathnú freisin chuig saoráidí monaraíochta leathsheoltóirí inar glacadh leis an bhféidearthacht sin i gcomhthéacs ina bhfaightear tacaíocht phoiblí. Ba cheart an cinneadh maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a ghlacadh i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla uile an Aontais is infheidhme, ag féachaint d'imthosca an cháis. Ba cheart tosaíocht a bheith ag an oibleagáid maidir le rátáil tosaíochta ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó poiblí agus ba cheart aird a thabhairt léi ar aidhmeanna dlisteanacha na ngnóthas agus ar an gcostas agus ar an iarracht is gá d'aon athrú ar sheicheamh na táirgeachta. Féadfaidh gnóthais a bheith faoi réir pionóis mura n-éiríonn leo an oibleagáid maidir le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chomhlíonadh. ***Ba cheart orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a úsáid mar rogha dheireanach agus nach n-úsáidfear iad ach chun oibriú bunúsach na n-earnálacha criticiúla uile nó roinnt earnálacha criticiúla a áirithiú, sa chiall go bhfuil íosleibhéal táirgthe riachtanach ann.*** |

*Réasúnú*

*Níor cheart orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, i gcás ina bhfuil údar leo, a úsáid chun oibríochtaí earnálacha criticiúla 'gnó mar is gnách' a choinneáil ar bun. Níor cheart iad a úsáid ach amháin mar rogha dheireanach, chun oibríochtaí bunúsacha nó íosleibhéal táirgthe atá riachtanach a áirithiú. Áirithítear leis sin go bhfreastalóidh infheistíochtaí agus ranníocaíochtaí buiséid an Aontais ar an gcuspóir atá beartaithe leo.*

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(52a) Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí measúnú leanúnach a dhéanamh ar orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, go háirithe d'fhonn a n-éifeachtaí ar na hearnálacha eacnamaíocha uile agus ar na Ballstáit. Má mheasann sé go bhfuil na cinntí díréireacha nó gur mó dochar ná maitheas a dhéanann siad, féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí a mholadh don Choimisiún raon feidhme na gcinntí a theorannú nó iad a aisghairm go hiomlán.*** |

*Réasúnú*

*Chun dea-rialachas, úsáid éifeachtúil acmhainní an Aontais agus comhréireacht na n-éifeachtaí saofa margaidh a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit measúnú leanúnach a dhéanamh ar orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo. Ba cheart go mbeadh ceart sainráite ag an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí freisin tús a chur le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a theorannú nó a scor tar éis cinneadh den sórt sin a bheith déanta.*

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 55**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (55) Chun cur chun feidhme rianúil éifeachtach comhchuibhithe an Rialacháin seo, comhar agus malartú faisnéise a éascú, ba cheart an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí a bhunú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle agus cúnamh a chur ar fáil don Choimisiún maidir le ceisteanna sonracha. Iontu sin ba cheart a chur san áireamh soláthar comhairle faoin Tionscnamh | (55) Chun cur chun feidhme rianúil éifeachtach comhchuibhithe an Rialacháin seo, comhar agus malartú faisnéise a éascú, ba cheart an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí a bhunú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle agus cúnamh a chur ar fáil don Choimisiún maidir le ceisteanna sonracha. Iontu sin ba cheart a chur san áireamh soláthar comhairle faoin Tionscnamh |

Sliseanna don Eoraip do Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna; faisnéis a mhalartú faoi fheidhmiú na Saoráidí Táirgeachta Comhtháite agus na dTeilgcheártaí Oscailte AE; plé ar shainaithint earnálacha agus teicneolaíochtaí sonracha agus í a ullmhú, ar earnálacha agus teicneolaíochtaí iad le tionchar mór sóisialta féideartha agus a bhfuil tábhacht slándála ar leith ag baint leo agus a bhfuil gá acu le deimhniú le haghaidh táirgí iontaofa, agus aghaidh a thabhairt ar fhaireachán comhordaithe agus ar fhreagairt ar ghéarchéimeanna. Thairis sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo a áirithiú, agus comhar idir na Ballstáit mar aon le malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo a éascú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí tacú leis an gCoimisiún maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta, lena n-áirítear bailiú faisnéise agus measúnú géarchéime, i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhordú le struchtúir eile freagartha ar ghéarchéimeanna agus ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna de chuid an Aontais, oibriú i gcomhar leo agus faisnéis a mhalartú leo, d'fhonn a áirithiú go mbeidh cur chuige comhleanúnach comhordaithe ag an Aontas a mhéid a bhaineann le freagairt ar ghéarchéimeanna agus bearta le bheith ullamh i gcomhair géarchéimeanna leathsheoltóra.

Sliseanna don Eoraip do Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna; faisnéis a mhalartú faoi fheidhmiú na Saoráidí Táirgeachta Comhtháite agus na dTeilgcheártaí Oscailte AE; plé ar shainaithint earnálacha agus teicneolaíochtaí sonracha agus í a ullmhú, ar earnálacha agus teicneolaíochtaí iad le tionchar mór sóisialta féideartha agus a bhfuil tábhacht slándála ar leith ag baint leo agus a bhfuil gá acu le deimhniú le haghaidh táirgí iontaofa, agus aghaidh a thabhairt ar fhaireachán comhordaithe agus ar fhreagairt ar ghéarchéimeanna. Thairis sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo a áirithiú, agus comhar idir na Ballstáit mar aon le malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo a éascú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí tacú leis an gCoimisiún maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta, lena n-áirítear bailiú faisnéise agus measúnú géarchéime, i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhordú le struchtúir eile freagartha ar ghéarchéimeanna agus ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna de chuid an Aontais, oibriú i gcomhar leo agus faisnéis a mhalartú leo, d'fhonn a áirithiú go mbeidh cur chuige comhleanúnach comhordaithe ag an Aontas a mhéid a bhaineann le freagairt ar ghéarchéimeanna agus bearta le bheith ullamh i gcomhair géarchéimeanna leathsheoltóra. ***Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhoibriú go dlúth leis an gCoimisiún chun seirbhísí, córas agus táirgí criticiúla sonracha sa slabhra soláthair leathsheoltóra a shainaithint, agus i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir [togra NIS 2], dul i gcomhairle leis an gCoimisiún chun measúnú riosca slándála comhordaithe a dhéanamh ar shlabhra soláthair na leathsheoltóirí arb é is aidhm dó athléimneacht an tslabhra***

| | |
|---|---|
| | ***soláthair a fheabhsú, slándáil chomhtháite na gcomhpháirteanna feadh an tslabhra soláthair a fheabhsú, agus gnóthú cuspóirí straitéiseacha a chumasú maidir le héiceachóras leathsheoltóra a bheidh slán agus láidir a bhunú san Aontas.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ainmneoidh na Ballstáit lárionaid inniúlachta is iarrthóirí i gcomhréir lena nósanna imeachta agus lena struchtúir riaracháin agus institiúideacha náisiúnta trí phróiseas oscailte iomaíoch. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta a leagan síos chun lárionaid inniúlachta a bhunú, lena n-áirítear na critéir roghnúcháin, chomh maith le cúraimí agus feidhmeanna breise de chuid na lárionad i ndáil le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoin Tionscnamh, an nós imeachta chun an líonra a bhunú, chomh maith le cinntí a ghlacadh maidir le roghnú na n-eintiteas a bheidh sa líonra. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2). | 3. Ainmneoidh na Ballstáit lárionaid inniúlachta is iarrthóirí i gcomhréir lena nósanna imeachta agus lena struchtúir riaracháin agus institiúideacha náisiúnta trí phróiseas oscailte iomaíoch. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta a leagan síos chun lárionaid inniúlachta a bhunú, lena n-áirítear na critéir roghnúcháin, chomh maith le cúraimí agus feidhmeanna breise de chuid na lárionad i ndáil le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoin Tionscnamh, an nós imeachta chun an líonra a bhunú, chomh maith le cinntí a ghlacadh maidir le roghnú na n-eintiteas a bheidh sa líonra***, agus an gá go ndéanfar ionadaíocht ar shlabhra luacha leathsheoltóirí an Aontais uile a chur san áireamh***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2). |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh neamhspleáchas foriomlán suntasach ag an líonra chun a eagar, a | 4. Beidh neamhspleáchas foriomlán suntasach ag an líonra chun a eagar, a |

| | |
|---|---|
| chomhdhéanamh agus a mhodhanna oibre a leagan síos. Mar sin féin, ***beidh*** eagar, comhdhéanamh agus modhanna oibre an líonra i gcomhréir agus ina rannchuidiú le haidhmeanna agus cuspóirí an Rialacháin seo agus an Tionscnaimh. | chomhdhéanamh agus a mhodhanna oibre a leagan síos. Mar sin féin, ***déanfaidh*** eagar, comhdhéanamh agus modhanna oibre an líonra ***ionadaíocht ar shlabhra luacha leathsheoltóirí an Aontais uile, ó ábair go dearadh sliseanna, agus beidh siad*** i gcomhréir agus ina rannchuidiú le haidhmeanna agus cuspóirí an Rialacháin seo agus an Tionscnaimh. ***Seachnófar leis an líonra ilroinnt na ngníomhaíochtaí agus dúbláil iarrachtaí.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Leas poiblí agus*** tacaíocht phoiblí | Tacaíocht phoiblí |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Meastar*** go rannchuidíonn Saoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE leis an slándáil soláthair leathsheoltóirí san Aontas agus ***gur chun an leasa phoiblí iad*** dá bhrí sin. | 1. ***Féadfar a mheas*** go rannchuidíonn Saoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE leis an slándáil soláthair leathsheoltóirí san Aontas agus dá bhrí sin ***go gcuireann siad seirbhísí chun leas an phobail ar fáil***. |

*Réasúnú*

*Beidh tionchar díreach ag forálacha maidir le státchabhair ar chur chun feidhme an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip agus ag a ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais. Ba cheart díolúintí ó rialacha maidir le státchabhair a bheith eisceachtúil i gcónaí agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus bheachta, a chuirtear i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach. Tá bunús láidir ag seirbhísí leasa ghinearálta i ndlí iomaíochta an Aontais agus sna Conarthaí, fad atá bunús dlí amhrasach ag 'leas an phobail'. Thairis sin, is deacair aon leas 'poiblí' uile-AE atá bailí do gach Ballstát a shainiú.*

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun slándáil soláthair a bhaint amach san Aontas, féadfaidh na Ballstáit, ***gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh***, scéimeanna tacaíochta a chur i bhfeidhm agus foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht riaracháin do Shaoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE i gcomhréir le hAirteagal 14. | 2. Chun slándáil soláthair a bhaint amach san Aontas, féadfaidh na Ballstáit, ***a mhéid atá siad comhoiriúnach leis na rialacha is infheidhme maidir leis an státcabhair***, scéimeanna tacaíochta a chur i bhfeidhm agus foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht riaracháin do Shaoráidí Táirgeachta Comhtháite agus Teilgcheártaí Oscailte AE i gcomhréir le hAirteagal 14. |

*Réasúnú*

*Tá tagairt dhíreach don toirmeasc ar státchabhair sna Conarthaí gan fasach agus díréireach. Chun úsáid éifeachtúil chistí poiblí agus chistí AE agus sláine an mhargaidh aonair a choimirciú, níor cheart státchabhair a dheonú ach amháin in imthosca eisceachtúla agus i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme.*

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina soláthraítear le measúnú de chuid an Choimisiúin fianaise nithiúil, thromchúiseach agus iontaofa go bhfuil géarchéim leathsheoltóirí ann, féadfaidh an Coimisiún an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 33(2). Sonrófar tréimhse an ghníomhachtaithe sa ghníomh cur chun feidhme. ***I gcás ina n-éileofar amhlaidh, i bhfianaise raon feidhme agus thromchúis na géarchéime leathsheoltóirí, mar gheall ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 33(3) maidir le gníomhartha cur chun feidhme a*** | 2. I gcás ina soláthraítear le measúnú de chuid an Choimisiúin fianaise nithiúil, thromchúiseach agus iontaofa go bhfuil géarchéim leathsheoltóirí ann, féadfaidh an Coimisiún an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 33(2). Sonrófar tréimhse an ghníomhachtaithe sa ghníomh cur chun feidhme. |

***ghlacfar de bhun an Airteagail seo.***

*Réasúnú*

*Chun dea-rialachas agus úsáid stuama acmhainní an Aontais a áirithiú, agus na bearta cumhachtacha géarchéime a mholtar in Airteagail 20-22 á gcur san áireamh, ba cheart an gnáthnós imeachta scrúdúcháin agus an gnáthnós imeachta iomlán a úsáid le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme. Bheadh nós imeachta práinne ar neamhréir thairis sin leis na ceanglais gur cheart go mbeadh 'fianaise nithiúil, thromchúiseach agus iontaofa' mar bhonn d'aon mheasúnú géarchéime agus d'aon ghníomhaíocht a dhéanfaí ina dhiaidh sin.*

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás inar gníomhachtaíodh an chéim ghéarchéime agus i gcás inarb iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim leathsheoltóirí san Aontas, ***glacfaidh*** an Coimisiún an beart dá bhforáiltear in Airteagal 20 faoi na coinníollacha a leagtar síos ann. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún na bearta a ghlacadh dá bhforáiltear in Airteagal 21 nó Airteagal 22, nó sa dá cheann, faoi na coinníollacha a leagtar síos sna hAirteagail sin. | 1. I gcás inar gníomhachtaíodh an chéim ghéarchéime agus i gcás inarb iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim leathsheoltóirí san Aontas, ***féadfaidh*** an Coimisiún an beart dá bhforáiltear in Airteagal 20 faoi na coinníollacha a leagtar síos ann ***a ghlacadh***. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún na bearta a ghlacadh dá bhforáiltear in Airteagal 21 nó Airteagal 22, nó sa dá cheann, faoi na coinníollacha a leagtar síos sna hAirteagail sin. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Tar éis don Choimisiún dul*** i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí**,** féadfaidh sé na bearta dá bhforáiltear in Airteagail 21 agus 22 a theorannú d'earnálacha criticiúla áirithe a bhfuil suaitheadh maidir lena n-oibriú i gceist, nó a bhfuil baol ann ***go mbeadh suaitheadh ina n-oibriú***, mar gheall ar an | 2. ***Rachaidh an Coimisiún*** i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí ***maidir le comhréireacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe agus*** féadfaidh sé na bearta dá bhforáiltear in Airteagail 21 agus 22 a theorannú d'earnálacha criticiúla áirithe a bhfuil suaitheadh maidir lena n-oibriú i gceist, nó |

| | |
|---|---|
| ngéarchéim leathsheoltóirí. | a bhfuil ***an*** baol ***sin*** ann, mar gheall ar an ngéarchéim leathsheoltóirí. |

*Réasúnú*

*Chun dea-rialachas agus úsáid stuama acmhainní an Aontais a áirithiú, a luaithe a dhéanfar céim na géarchéime a ghníomhachtú, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí maidir leis na bearta is mian leis a dhéanamh, d'fhonn a chinneadh an bhfuil na gníomhaíochtaí atá beartaithe comhréireach.*

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh úsáid na mbeart dá dtagraítear i mír 1 comhréireach agus teoranta dá bhfuil gá leis chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha tromchúiseacha feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas***,*** ***agus*** is gá ***úsáid na mbeart*** a bheith chun leas an Aontais. Le húsáid na mbeart, seachnófar FBManna a chur faoi ualach riaracháin díréireach. | 4. Beidh úsáid na mbeart dá dtagraítear i mír 1 comhréireach agus teoranta dá bhfuil gá leis chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha tromchúiseacha feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas***.*** Is gá ***do na bearta*** a bheith chun leas an Aontais ***agus ní thabharfaidh siad buntáiste díréireach d'aon Bhallstát amháin nó d'aon ghrúpa Ballstát***. Le húsáid na mbeart ***sin***, seachnófar FBManna a chur faoi ualach riaracháin díréireach. |

*Réasúnú*

*Féadfar an chéim ghéarchéime a fhormheas le vóta trí thromlach cáilithe sa Chomhairle. Ní mór dúinn a chinntiú maidir le haon bhearta a ghlactar nach gcuirfidh sé isteach go díréireach ar earnálacha eacnamaíocha sna Ballstáit a mheasann rioscaí a bheith ag gabháil le dul ar aghaidh le bearta éigeandála.*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um | 1. Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um |

| | |
|---|---|
| Leathsheoltóirí, ***iarrfaidh*** sé ar eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas nó, i gcás inar gá, ar ghnóthais aonair a oibríonn feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóirí, an Coimisiún a chur ar an eolas faoina gcumais táirgeachta, a n-acmhainneachtaí táirgeachta, agus príomh-bhristeacha i láthair na huaire, agus sonraí eile atá ann cheana a sholáthar ar gá leo chun cineál na géarchéime leathsheoltóirí a mheas nó chun bearta maolaithe nó éigeandála féideartha ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais a shainaithint agus a mheas. | Leathsheoltóirí, ***féadfaidh*** sé ***iarraidh*** ar eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas nó, i gcás inar gá, ar ghnóthais aonair a oibríonn feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóirí, an Coimisiún a chur ar an eolas faoina gcumais táirgeachta, a n-acmhainneachtaí táirgeachta, agus príomh-bhristeacha i láthair na huaire, agus sonraí eile atá ann cheana a sholáthar ar gá leo chun cineál na géarchéime leathsheoltóirí a mheas nó chun bearta maolaithe nó éigeandála féideartha ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais a shainaithint agus a mheas. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás inar gá agus inar comhréireach chun oibriú gach earnála criticiúla nó earnálacha criticiúla áirithe a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún iallach a chur ar Shaoráidí Táirgeachta Comhtháite agus ar Theilgcheártaí Oscailte AE glacadh le hordú táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tús áite a thabhairt dó ('ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis'). ***Beidh tús áite ag an oibleagáid ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó faoin dlí poiblí.*** | 1. ***In imthosca urghnácha,*** i gcás inar gá agus inar comhréireach chun oibriú ***bunúsach*** gach earnála criticiúla nó earnálacha criticiúla áirithe a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún iallach a chur ar Shaoráidí Táirgeachta Comhtháite agus ar Theilgcheártaí Oscailte AE glacadh le hordú táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tús áite a thabhairt dó ('ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis'). |

*Réasúnú*

*Chun úsáid stuama agus éifeachtúil acmhainní AE a áirithiú, níor cheart orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a úsáid ach amháin mar rogha dheiridh, nuair nach féidir géarchéim a mhaolú ar bhealaí eile. Ba cheart dúinn a shoiléiriú freisin nár cheart don bheart eisceachtúil seo ach oibriú bunúsach na n-earnálacha is infheidhme a áirithiú, agus ní an t-oibriú mar is gnách. Thairis sin, níl an díolúine iomlán ó aon oibleagáid dhlíthiúil eile faoin dlí príobháideach nó poiblí cinnte ó thaobh an dlí de agus ba cheart í a bhaint. Ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh go leor cosaintí ann ionas go n-úsáidtear orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo ar bhealach comhréireach agus stuama.*

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina bhfuil gnóthas leathsheoltóirí arna bhunú san Aontas faoi réir beart tríú tír maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin. I gcás ina n-imríonn an oibleagáid sin tionchar mór ar oibriú earnálacha criticiúla áirithe, féadfaidh an Coimisiún ceangal a fhorchur ar an ngnóthas sin orduithe táirgí atá ábhartha maidir leis an ngéarchéim a ghlacadh agus tús áite a thabhairt dóibh i gcomhréir le míreanna 4, 5 agus 6. | 3. I gcás ina bhfuil gnóthas leathsheoltóirí arna bhunú san Aontas faoi réir beart tríú tír maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin. I gcás ina n-imríonn an oibleagáid sin tionchar mór ar oibriú earnálacha criticiúla áirithe, féadfaidh an Coimisiún ceangal a fhorchur ar an ngnóthas sin***, i gcás inar gá agus inar comhréireach agus mar rogha dheiridh,*** orduithe táirgí atá ábhartha maidir leis an ngéarchéim a ghlacadh agus tús áite a thabhairt dóibh i gcomhréir le míreanna 4, 5 agus 6. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh an Coimisiún na hoibleagáidí faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 a achtú trí chinneadh. Glacfar an cinneadh i gcomhréir leis na hoibleagáidí dlíthiúla Aontais uile is infheidhme, agus aird á tabhairt ar thosca an cháis, lena n-áirítear prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta. Leis an gcinneadh tabharfar aird go háirithe ar aidhmeanna dlisteanacha an ghnóthais lena mbaineann agus ar an gcostas agus an iarracht is gá chun aon athrú ar an seicheamh táirgeachta a dhéanamh. Ina chinneadh, sonróidh an Coimisiún bunús dlí an ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, socróidh sé an teorainn ama ar laistigh de a bheidh an t-ordú le tabhairt i gcrích, agus, i gcás inarb infheidhme, sonróidh sé an táirge agus an méid agus luafaidh sé na pionóis dá | 4. Déanfaidh an Coimisiún na hoibleagáidí faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 a achtú trí chinneadh. ***Sula ndéanfaidh sé cinneadh den sórt sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus féadfaidh an Bord sin comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le riachtanas agus comhréireacht an chinnidh.*** Glacfar an cinneadh i gcomhréir leis na hoibleagáidí dlíthiúla Aontais uile is infheidhme, agus aird á tabhairt ar ***chomhairle an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí agus ar*** thosca an cháis, lena n-áirítear prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta. Leis an gcinneadh tabharfar aird go háirithe ar aidhmeanna dlisteanacha an ghnóthais lena mbaineann agus ar an gcostas agus an iarracht is gá |

| | |
|---|---|
| bhforáiltear in Airteagal 28 maidir le neamhchomhlíonadh na hoibleagáide. An t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, déanfar é ar phraghas cóir réasúnta. | chun aon athrú ar an seicheamh táirgeachta a dhéanamh. Ina chinneadh, sonróidh an Coimisiún bunús dlí an ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, socróidh sé an teorainn ama ar laistigh de a bheidh an t-ordú le tabhairt i gcrích, agus, i gcás inarb infheidhme, sonróidh sé an táirge agus an méid agus luafaidh sé na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 28 maidir le neamhchomhlíonadh na hoibleagáide. An t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, déanfar é ar phraghas cóir réasúnta. |

*Réasúnú*

*Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí sula n-achtóidh an Coimisiún aon chinneadh. Tá sé seo chun a chinntiú go n-úsáidfear acmhainní an Aontais go héifeachtúil agus go mbeidh ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis riachtanach agus comhréireach. Tá na coimircí sin tábhachtach chun cur chun feidhme cuí an togra a áirithiú.*

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Déanfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí measúnú leanúnach agus comhairle a chur ar an gCoimisiún i dtaobh an bhfuil na cinntí arna n-achtú faoin Airteagal seo iomchuí agus éifeachtach. Féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí a mholadh don Choimisiún raon feidhme na gcinntí a theorannú nó iad a aisghairm go hiomlán.*** |

*Réasúnú*

*Ba cheart go ndéanfaí measúnú leanúnach ar orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo d'fhonn a n-éifeachtaí ar na hearnálacha eacnamaíocha uile agus ar na Ballstáit. Má mheasann an Bord go bhfuil na cinntí achtaithe díréireach nó gur mó dochar ná maitheas a dhéanann siad, féadfaidh sé a mholadh don Choimisiún raon feidhme na gcinntí achtaithe a theorannú nó deireadh a chur leo go hiomlán.*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Déanfar gach gníomhaíocht chomhpháirtigh maidir le soláthar agus gach comhaontú ceannaigh gaolmhar le hardleibhéal trédhearcachta. Beidh rochtain iomlán ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ar na doiciméid agus teachtaireachtaí ábhartha uile chun grinnscrúdú bliantúil cruinn a sholáthar ar na conarthaí sínithe agus ar an infheistíocht phoiblí.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 1 – pointe 3**
Rialachán (AE) 2021/694
Airteagal 9 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é ***EUR 8 638 000 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an Chláir don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027. | 1. Is é ***EUR 9 238 000 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an Chláir don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027. |

*(Le breithniú mar aon leis na leasuithe ar Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2021/694)*

*Réasúnú*

*Mar thionscnamh an Aontais atá nua agus thar a bheith straitéiseach, éilítear acmhainní airgeadais nua leis an Tionscnamh um Shliseanna don Eoraip. Níor cheart, leis an 1,65 billiún atá tiomnaithe don Ionstraim Eorpach um Shliseanna faoin gClár don Eoraip Dhigiteach (Cuspóir Sonrach 6), an t-imchlúdach airgeadais a laghdú le haghaidh na gcúig Chuspóir Shonracha eile.*

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 1 – pointe 3**
Rialachán (AE) 2021/694
Airteagal 9 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Maidir leis an méid dá dtagraítear i mír 1, is mar a leanas a dháileadh táscach:*** | ***scriosta*** |
| ***EUR 2 076 914 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 1 – an Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta;*** | |
| ***EUR 1 841 956 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 2 – an Intleacht Shaorga;*** | |
| ***EUR 1 529 566 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 3 – an Chibearshlándáil agus Iontaoibh;*** | |
| ***EUR 517 347 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 4 – Ardscileanna Digiteacha;*** | |
| ***EUR 1 022 217 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 5 – Cur Chun Úsáide agus Úsáid is Fearr na n-Acmhainneachtaí Digiteacha agus Idir-inoibritheachta;*** | |
| ***EUR 1 650 000 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí.';*** | |

*(Le breithniú mar aon leis na leasuithe eile ar Airteagal 9(1) agus 9(2) de Rialachán (AE) 2021/694)*

*Réasúnú*

*Leis an scriosadh, athshlánaítear leithdháileadh na gcistí chuig na chéad chúig Chuspóir Shonracha den Chlár don Eoraip Dhigiteach a leagtar síos i mbunghníomh an Chláir. Ba cheart an 1,65 billiún atá tiomnaithe don Ionstraim Eorpach um Shliseanna (Cuspóir Sonrach 6) a bheith sa bhreis ar an gcistiú le haghaidh na gCuspóirí atá cheana ann.*

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 1 – pointe 3 a (nua)**
Rialachán (AE) 2021/694
Airteagal 9 – mír 2 – pointe f (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Cuirtear an pointe seo a leanas le hAirteagal 9(2):*** |
| | ***'(f) EUR 1 650 000 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí.';*** |

*(Le breithniú mar aon leis na leasuithe eile ar Airteagal 9(1) agus 9(2) de Rialachán (AE) 2021/694)*

*Réasúnú*

*Ba cheart an 1,65 billiún atá tiomnaithe don Ionstraim Eorpach um Shliseanna faoin gClár don Eoraip Dhigiteach (Cuspóir Sonrach 6), a chur le himchlúdach airgeadais an chláir gan laghdú a dhéanamh ar acmhainní na gcúig Chuspóir Shonracha eile.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 a (nua)**
Rialachán (AE) 2021/695
Airteagal 12

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 34a*** |
| | ***Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/695 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013*** |
| | ***1. Leasaítear Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2021/695 mar a leanas:*** |
| | ***(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*** |
| 1. Maidir leis an imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir Réime don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go 31 Nollaig 2027, is é ***EUR 86 123 000 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh i gceist don chlár sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) | '1. Maidir leis an imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir Réime don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go 31 Nollaig 2027, is é ***EUR 86 973 000 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh i gceist don chlár sonrach dá dtagraítear i bpointe (a) |

| | |
|---|---|
| d'Airteagal 1(2) agus do EIT agus is é ***EUR 7 953 000 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh i gceist don chlár sonrach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 1(2). | d'Airteagal 1(2) agus do EIT agus is é ***EUR 7 953 000 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh i gceist don chlár sonrach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 1(2).***';*** |
| | ***(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):*** |
| (iv) ***EUR 13 462 000 000*** don chnuasach 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás'; | ***'***(iv) ***EUR 14 312 000 000*** don chnuasach 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás';***'.*** |

*Réasúnú*

*Leasaítear imchlúdach airgeadais Fís Eorpach chun a shoiléiriú go bhfuil an EUR 850 milliún a úsáidfear le haghaidh an Chomhghnóthais um Shliseanna sa bhreis ar imchlúdach airgeadais bunaidh an Chláir. Is leithdháileadh táscach amháin é an leithdháileadh ar an mbraisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás'. Comhfhreagraíonn an méid don mhéid atá beartaithe ag an gCoimisiún a leithdháileadh ó na braislí 'an tSlándáil Shibhialta don tSochaí', 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' agus 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht'.*

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Creat beart a bhunú chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Ionstraim um Shliseanna) |
| **Tagairtí** | COM(2022)0046 – C9-0039/2022 – 2022/0032(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>7.3.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>7.3.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Karlo Ressler<br>11.3.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 31.8.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 17.11.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 30<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pietro Bartolo, Robert Biedroń, Olivier Chastel, Andor Deli, Eider Gardiazabal Rubial, Vlad Gheorghe, Valentino Grant, Francisco Guerreiro, Valérie Hayer, Joachim Kuhs, Pierre Larrouturou, Janusz Lewandowski, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Andrey Novakov, Karlo Ressler, Bogdan Rzońca, Nils Ušakovs, Rainer Wieland |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Damian Boeselager, Ilan De Basso, Jens Geier, Henrike Hahn, Martin Hojsík, Younous Omarjee, Eva Maria Poptcheva, Petri Sarvamaa |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, Krzysztof Hetman, Marlene Mortler, Barbara Thaler |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 30 | + |
|---|---|
| ECR | Bogdan Rzońca |
| ID | Valentino Grant |
| NI | Andor Deli |
| PPE | Krzysztof Hetman, Janusz Lewandowski, Marlene Mortler, Siegfried Mureşan, Andrey Novakov, Karlo Ressler, Petri Sarvamaa, Barbara Thaler, Rainer Wieland |
| RENEW | Olivier Chastel, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Martin Hojsík, Eva Maria Poptcheva |
| S&D | Clara Aguilera, Pietro Bartolo, Robert Biedroń, Ilan De Basso, Eider Gardiazabal Rubial, Jens Geier, Pierre Larrouturou, Margarida Marques, Nils Ušakovs |
| THE LEFT | Younous Omarjee |
| VERTS/ALE | Damian Boeselager, Francisco Guerreiro, Henrike Hahn |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh